BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an tOchtú Dlísheomra)

5 Nollaig 2024*

(Tarchur chun réamhrialú – Córas comhchoiteann cánach breisluacha (CBL) – Treoir 2006/112/CE – An chéad mhír d'Airteagal 183 – Coinníollacha chun an ceart asbhainte a fheidhmiú – Barrachas CBL a thabhairt ar aghaidh – An coincheap 'tréimhse chánach ina dhiaidh sin' – Barrachas CBL a aisíoc – Foirceannadh gníomhaíochta gnó)

I gCás C-680/23,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ón Tribunal Administrativo e Fiscal do Funchal (an Chúirt Riaracháin agus Chánach de Funchal, an Phortaingéil), trí bhreith an 13 Samhain 2023, a fuarthas ag an gCúirt an 14 Samhain 2023, sna himeachtaí

**Modexel – Consultores e Serviços SA**

v

**Autoridade Tributária e Assuntos Fiscais da Região Autónoma da Madeira,**

tugann AN CHÚIRT (an tOchtú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar a leanas: S. Rodin, Uachtarán an Dlísheomra, O. Spineanu-Matei (Rapóirtéir) agus N. Fenger, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: T. Ćapeta,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha a cuireadh isteach thar ceann iad seo a leanas:

– Rialtas na Portaingéile, ag P. Barros da Costa, C. Bento agus A. Rodrigues, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag J. Jokubauskaitė agus L. Santiago de Albuquerque, i gcáil Gníomhairí,

tar éis cinneadh a dhéanamh, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breithiúnas a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

* Teanga an cháis: an Phortaingéilis.

## Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh seo ar réamhrialú le léiriú ar an gcéad mhír d'Airteagal 183 de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha (IO 2006 L 347, lch. 1; 'an Treoir maidir le CBL').

2 Rinneadh an iarraidh in imeachtaí idir Modexel – Consultores e Serviços SA ('Modexel') agus an Autoridade Tributária e Assuntos Fiscais da Região Autónoma da Madeira (Údarás Cánach Réigiún Uathrialach Mhaidéara, an Phortaingéil; 'an t-údarás cánach') maidir le hiarraidh ar bharrachas cánach breisluacha (CBL) a thabhairt ar aghaidh, tar éis gníomhaíocht eacnamaíoch a atosú, ar cáin í a bhí ann ar scor na gníomhaíochta eacnamaíche céanna a rinneadh roimhe sin.

### An dlí lena mbaineann

#### *Dlí an Aontais*

3 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 9(1) den Treoir maidir le CBL:

'Ciallaíonn "duine inchánach" aon duine a dhéanann, go neamhspleách, aon ghníomhaíocht eacnamaíoch in aon áit, is cuma cad é cuspóir nó torthaí na gníomhaíochta sin.

Is "gníomhaíocht eacnamaíoch" í aon ghníomhaíocht de chuid táirgeoirí, trádálaithe nó daoine a sholáthraíonn seirbhísí, lena n-áirítear gníomhaíochtaí mianadóireachta agus talmhaíochta agus gníomhaíochtaí na ngairmeacha. Measfar go sonrach gur gníomhaíocht eacnamaíoch é saothrú maoine inláimhsithe nó doláimhsithe chun ioncam a fháil uaithi sin ar bhonn leanúnach.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

4 Leagtar amach sa chéad mhír d'Airteagal 179 den Treoir sin:

'Déanfaidh an duine inchánach an asbhaint ach an méid iomlán CBL a bhaint den mhéid iomlán CBL atá dlite le haghaidh tréimhse chánach ar leith ar ina leith, le linn na tréimhse céanna, a bhí an ceart asbhainte ann, agus a fheidhmítear i gcomhréir le hAirteagal 178.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Is mar seo a leanas an fhoclaíocht atá in Airteagal 183 den Treoir sin:

'I gcás, le haghaidh tréimhse chánach ar leith, inar mó méid na n-asbhaintí ná an méid CBL atá dlite, féadfaidh na Ballstáit, i gcomhréir leis na coinníollacha a chinnfidh siad, aisíocaíocht a dhéanamh nó an barrachas a thabhairt ar aghaidh go dtí tréimhse chánach ina dhiaidh sin.

Féadfaidh na Ballstáit, áfach, an tabhairt ar aghaidh nó an aisíocaíocht a dhiúltú i gcás ina bhfuil an barrachas neamhshuntasach.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Foráiltear le hAirteagal 213(1) den Treoir chéanna:

‘Luafaidh gach duine inchánach an tráth a thosaíonn, a athraíonn nó a scoireann a ghníomhaíocht mar dhuine inchánach.

Údaróidh na Ballstáit, agus féadfaidh siad a cheangal, go ndéanfar an dearbhú, faoi choinníollacha a chinnfidh siad, trí mheán leictreonach.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

7 Faoi Airteagal 252 den Treoir maidir le CBL:

‘1. Ní mór an tuairisceán CBL a thíolacadh laistigh de sprioc-am atá le socrú ag na Ballstáit. Ní féidir leis an tréimhse seo dul thar deireadh gach tréimhse inchánach níos mó ná 2 mhí.

2. Socraíonn na Ballstáit fad na tréimhse inchánach ag mí amháin, 2 mhí nó 3 mhí.

Féadfaidh na Ballstáit, áfach, tréimhsí éagsúla a shocrú ar choinníoll nach faide ná bliain amháin iad.’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

8 Luaitear in aithris 23 de Rialachán (AE) Uimh. 904/2010 an 7 Deireadh Fómhair 2010 ón gComhairle maidir le comhar riaracháin agus comhrac na calaoise i réimse na cánach breisluacha (IO 2010 L 268, lch. 1):

‘Áiritheoidh na Ballstáit go dtuairisceofar go bhfuil an uimhir aitheantais CBL dá dtagraítear in Airteagal 214 [den Treoir maidir le CBL] neamhbhailí sa chóras leictreonach dá dtagraítear in Airteagal 17, in aon cheann de na cásanna seo a leanas ar a laghad:

(a) i gcás inar luaigh daoine a sainaithníodh chun críocha CBL go bhfuil deireadh curtha lena ngníomhaíocht eacnamaíoch, dá dtagraítear in Airteagal 9 [den Treoir maidir le CBL] nó i gcás ina measann an t-údarás inniúil gur chuir siad deireadh leis an ngníomhaíocht sin. Go háirithe, féadfaidh údarás cánach a thoimhdiú gur scoir duine de gach gníomhaíocht eacnamaíoch i gcás, cé go gceanglaítear air déanamh amhlaidh, nár chuir an duine sin tuairisceán CBL isteach agus nár chuir sé ráiteas achoimreach isteach ar feadh bliain amháin tar éis dhul in éag an sprioc-ama chun an chéad tuairisceán atá in easnamh nó an ráiteas achoimreach atá in easnamh a chur isteach. Mar sin féin, tá sé de cheart ag an duine a chruthú gurb ann do ghníomhaíocht eacnamaíoch ar bhealaí eile.

[…]’

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

### *Dlí na Portaingéile*

9 Trasuíodh Airteagal 183 den Treoir maidir le CBL i ndlí na Portaingéile le hAirteagal 22(4) go (6) den Código do Imposto sobre o Valor Acrescentado (an Cód Cánach Breisluacha).

10 Foráiltear le hAirteagal 22 den Chód Cánach Breisluacha, sa leagan a eascraíonn as an Lei n.o 10/2009 (Dlí Uimh. 10/2009), an 10 Márta 2009 (Diário da República, an chéad sraith, Uimh. 48, an 10 Márta 2009):

‘[...]

4. I gcás inar mó an asbhaint chánach atá le déanamh ná an méid atá dlite d’idirbhearta inchánach sa tréimhse chomhfhreagrach, asbhainfear an barrachas i dtréimhsí cánach ina dhiaidh sin.

5. Más rud é, tar éis 12 mhí ón tréimhse inar tháinig an barrachas chun cinn, go mbeidh creidmheas os cionn EUR 250 ar fáil i gcónaí don duine inchánach, féadfaidh an duine inchánach iarratas a dhéanamh ar aisíocaíocht.

6. Gan dochar don mhír roimhe seo, féadfaidh an duine inchánach aisíocaíocht a iarraidh roimh dheireadh na tréimhse 12 mhí, i gcás scor gníomhaíochta nó i gcás ina bhfuil forálacha Airteagal 29(3) agus (4), Airteagal 54(1) nó Airteagal 61(1) le cur i bhfeidhm, ar choinníoll go bhfuil méid na haisíocaíochta cothrom le EUR 25 nó níos mó ná sin, agus i gcás inar mó ná EUR 3 000 an creidmheas a thugtar dó.

[...]’

**An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú**

11 Thíolaic Modexel dearbhú maidir le scor de ghníomhaíocht eacnamaíoch le héifeacht ón 28 Feabhra 2015 agus áiríodh, ina thuairisceán CBL don chéad ráithe de 2015, creidmheas CBL de EUR 12 456.20.

12 An 10 Bealtaine 2016, chuir Modexel tús arís lena ghníomhaíocht eacnamaíoch. Ina chéad tuairisceán CBL tar éis an tuairisceáin sin, d’asbhain Modexel an creidmheas CBL sin.

13 Dhiúltaigh an t-údarás cánach asbhaint an chreidmheasa CBL sin, ar an bhforas gur cheart do Modexel aisíocaíocht an chreidmheasa sin a iarraidh laistigh de 12 mhí ón dáta a scoir sé dá ghníomhaíocht eacnamaíoch agus, ós rud é nach ndearna Modexel an iarraidh sin, gur cailleadh an méid atá i gceist do Modexel.

14 Thug Modexel caingean i gcoinne chinneadh an údaráis cánach os comhair Tribunal Administrativo e Fiscal do Funchal (an Chúirt Riaracháin agus Chánach de Funchal, an Phortaingéil), arb í an chúirt a rinne an tarchur í.

15 Cuireann an chúirt sin in iúl go bhfuil amhras uirthi maidir le léiriú an choincheapa ‘tréimhse chánach ina dhiaidh sin’ sa chéad mhír d’Airteagal 183 den Treoir maidir le CBL. I ndáil leis sin, sonraíonn an chúirt sin, de réir na n-údarás cánach, nach mór an abairt sin a thuiscint, go litriúil, mar thagairt don tréimhse díreach tar éis na tréimhse inar dearbhaíodh an creidmheas CBL atá i gceist, san fhéilire. Os a choinne sin, de réir Modexel, d’fhéadfadh tréimhse ama a bheith ann, mar gheall ar scor ghníomhaíocht eacnamaíoch an ghnóthais lena mbaineann, idir an tréimhse ar dearbhaíodh an creidmheas CBL atá i gceist ina leith agus an tréimhse ina ndéantar an creidmheas sin a asbhaint, tar éis don ghnóthas sin a ghníomhaíocht eacnamaíoch a atosú.

16 Ba sna himthosca sin a chinn an Tribunal Administrativo e Fiscal do Funchal (an Chúirt Riaracháin agus Chánach de Funchal, an Phortaingéil) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘1) An bhfuil an fhoclaíocht “tréimhse chánach ina dhiaidh sin” in Airteagal 183 den Treoir maidir le CBL le léiriú ar chaoi gur tagairt litriúil don tréimhse díreach ina dhiaidh sin ar an ngnáth-fhéilire atá i gceist léi?

2) Má thugtar freagra diúltach ar an gcéad cheist a tharchuirtear, má scoireann gnóthas dá ghníomhaíocht agus má atosaíonn sé arís ina dhiaidh sin, le tréimhse [15] mhí idir an dá phointe ama sin, an féidir leis an ngnóthas sin méid an bharrachais a thug sé ar aghaidh nuair a scoir sé dá ghníomhaíocht a asbhaint ina chéad tuairisceán tar éis atosú a ghníomhaíochta?’

**Na ceisteanna le haghaidh réamhrialú**

17 De réir cásdlí socair, faoin nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 267 CFAE, lena bhforáiltear do chomhar idir na cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt Bhreithiúnais, is faoin gCúirt Bhreithiúnais atá sé freagra a thabhairt ar an gcúirt náisiúnta a bheidh úsáideach di agus lena gcuirfear ar a cumas cinneadh a dhéanamh sa díospóid atá roimpi. Chuige sin, is féidir leis an gCúirt Bhreithiúnais, i gcás inarb iomchuí, na ceisteanna a chuirtear faoina bráid a chur i bhfocail eile. I ndáil leis sin, tá an t-ábhar iarrtha léirithe ar dhlí an Aontais ar fad arna sholáthar ag an gcúirt náisiúnta, agus go háirithe na cúiseanna leis an gcinneadh maidir le tarchur a dhéanamh, le baint amach ag an gCúirt i bhfianaise chuspóir na díospóide (breithiúnas an 30 Aibreán 2024, *M.N. (EncroChat)*, C-670/22, EU:C:2024:372, mír 78 agus an cásdlí dá dtagraítear).

18 Ba cheart a thabhairt faoi deara i ndáil leis sin, mar is léir ón ordú tarchuir, gur dhearbhaigh Modexel, nuair a scoir sé dá ghníomhaíocht eacnamaíoch, barrachas CBL ar mhian leis a asbhaint ó CBL a raibh sé faoi dhliteanas ina leith sa chéad tuairisceán a rinneadh tar éis atosú a ghníomhaíochta eacnamaíche. Is léir freisin ón gcinneadh sin gur cheartaigh an t-údarás cánach an dearbhú sin, agus é den tuairim nach raibh aon ghá an barrachas sin a thabhairt ar aghaidh toisc gur cheart do Modexel a aisíocaíocht a iarraidh laistigh de 12 mhí ón dáta ar scoir a ghníomhaíocht eacnamaíoch.

19 I bhfoclaíocht na chéad cheiste, a bhaineann leis an gcás ina dtugtar barrachas CBL ar aghaidh, ní shonraíonn an chúirt a rinne an tarchur gur scoir an gnóthas lena mbaineann dá ghníomhaíocht eacnamaíoch agus gur atosaigh sé ansin í. I bhfoclaíocht an dara ceist, ní thagraíonn an chúirt a rinne an tarchur don chás amhail an cás sna príomhimeachtaí nach féidir le gnóthas a scoir dá ghníomhaíocht eacnamaíoch, faoin reachtaíocht náisiúnta, barrachas CBL a thabhairt ar aghaidh tar éis atosú na gníomhaíochta sin, ach féadfaidh sí aisíocaíocht ar an mbarrachas CBL sin a iarraidh laistigh de 12 mhí ón dáta ar tháinig deireadh lena ghníomhaíocht eacnamaíoch, ceartú ar dhearbhú Modexel mar thoradh ar chur i bhfeidhm na reachtaíochta sin.

20 Sna himthosca sin, d’fhonn freagra a thabhairt don chúirt a rinne an tarchur a bheidh úsáideach di agus lena gcuirfear ar a cumas an díospóid atá os a comhair a chinneadh, is gá, ar thaobh amháin, chun an coincheap ‘tréimhse ina dhiaidh sin’, de réir bhrí na chéad mhíre d’Airteagal 183 den Treoir maidir le CBL, a léiriú, go mbraithfidh an Chúirt ar an mbonn gur scoir an gnóthas lena mbaineann dá ghníomhaíocht eacnamaíoch agus gur thosaigh sé ar ghníomhaíocht den sórt sin arís.

21 Ar an taobh eile, is gá scrúdú a dhéanamh an bhfuil an chéad mhír d'Airteagal 183 le léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta foráil a dhéanamh nach bhféadfaidh gnóthas a scoir dá ghníomhaíocht eacnamaíoch barrachas CBL a thabhairt ar aghaidh tar éis atosú na gníomhaíochta sin, ach féadfaidh sé aisíocaíocht ina leith a iarraidh laistigh de 12 mhí ón dáta a scoir an ghníomhaíocht sin.

22 Dá bhrí sin, ní mór a mheas, trína dhá cheist, ar cheart iad a scrúdú le chéile, go n-iarrann an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil an chéad mhír d'Airteagal 183 den Treoir maidir le CBL le léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc léi ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear, i gcás ina gcuireann duine inchánach deireadh lena ghníomhaíocht eacnamaíoch, nach bhféadfaidh an duine inchánach sin barrachas CBL arna dhearbhú ar an scor gníomhaíochta sin a thabhairt ar aghaidh chuig tréimhse chánach ina dhiaidh sin agus nach bhféadfaidh sé an méid sin a aisghabháil ach amháin trí aisíocaíocht a iarraidh laistigh de 12 mhí ón dáta a scoirtear den ghníomhaíocht sin.

23 Ba cheart a mheabhrú, mar réamhphointe, de réir cásdlí socair, gur bunphrionsabal den chomhchóras CBL arna bhunú le reachtaíocht an Aontais é ceart daoine inchánach CBL atá dlite nó íoctha i leith earraí a fuair siad agus seirbhísí a fuair siad mar ionchuir a asbhaint ó CBL a bhfuil siad faoi dhliteanas ina leith (breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2022, *Vittamed technologijos*, C-293/21, EU:C:2022:763, mír 38 agus an cásdlí dá dtagraítear).

24 Tá sé beartaithe leis an gcóras asbhainte faoiseamh iomlán a thabhairt don trádálaí ó ualach CBL is iníoctha nó a íoctar le linn a chuid gníomhaíochtaí eacnamaíocha go léir. Áirithítear leis an gcomhchóras CBL, dá bhrí sin, neodracht cánach na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha uile, is cuma cén cuspóir nó na torthaí a bhíonn orthu, ar choinníoll go bhfuil siad féin faoi réir CBL, i bprionsabal (breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2022, *Vittamed technologijos*, C-293/21, EU:C:2022:763, mír 39 agus an cásdlí dá dtagraítear).

25 Mar a chuir an Chúirt in iúl arís agus arís eile, fágann sé sin gur dlúthchuid den sásra CBL é an ceart asbhainte agus nach féidir, i bprionsabal, é a theorannú. Feidhmítear an ceart sin láithreach i leith na gcánacha go léir a ghearrtar ar idirbhearta ionchuir (breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2022, *Vittamed technologijos*, C-293/21, EU:C:2022:763, mír 40 agus an cásdlí dá dtagraítear).

26 Faoin gcéad mhír d'Airteagal 179 den Treoir maidir le CBL, déanfaidh an duine inchánach an asbhaint tríd an méid iomlán CBL as ar tháinig, le linn na tréimhse céanna, an ceart asbhainte chun cinn agus a fheidhmítear ina leith, a bhaint ón méid iomlán CBL a bhfuil atá dlite do thréimhse chánach ar leith.

27 Sonraítear sa chéad mhír d'Airteagal 183 den Treoir sin, i gcás ina sáraíonn méid na n-asbhaintí an méid CBL atá dlite do thréimhse chánach, go bhféadfaidh na Ballstáit an barrachas a thabhairt ar aghaidh go dtí tréimhse chánach ina dhiaidh sin nó aisíocaíocht a dhéanamh.

28 I ndáil leis sin, sa chéad áit, maidir leis an gcoincheap 'tréimhse chánach ina dhiaidh sin' san fhoráil sin, mar a thug an Coimisiún Eorpach faoi deara ina bharúlacha i scríbhinn, is léir ó úsáid na bhfocal sin san uimhir uatha nach mór an coincheap sin a thuiscint mar thagairt don tréimhse chánach díreach tar éis na tréimhse cánach inar mó méid na n-asbhaintí ná méid CBL atá dlite. Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 252 den Treoir maidir le CBL, tá fad na tréimhse cánach le socrú ag gach Ballstát laistigh de na teorainneacha a chinntear leis an dara mír den Airteagal sin,

gan é a bheith soiléir ón Airteagal sin ná ó Airteagal 183 den Treoir sin go mbraitheann an tréimhse sin, ná comharbas na dtréimhsí inchánach, ar dhuine inchánach atá i mbun gníomhaíocht eacnamaíoch le linn tréimhse chánach ar leith nó le linn cuid di.

29 É sin ráite, is léir ó chásdlí na Cúirte nach gá go mbeadh sé ar neamhréir leis an bhforáil sin aisíoc barrachais CBL a chur siar thar roinnt tréimhsí cánach tar éis na tréimhse ar ina leith a tháinig an barrachas sin chun cinn (féach, chuige sin, breithiúnais an 18 Deireadh Fómhair 2012, *Mednis*, C-525/11, EU:C:2012:652, mír 25 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 10 Feabhra 2022, *Philips Orăştie*, C-487/20, EU:C:2022:92, mír 26 agus an cásdlí dá dtagraítear).

30 Ba cheart a mheabhrú, áfach, gurb ann do ghníomhaíocht eacnamaíoch a thugann údar le haicmiú mar dhuine inchánach, a aithnítear, leis an Treoir maidir le CBL, mar dhuine a bhfuil an ceart asbhainte aige (féach, de réir análaí, breithiúnas an 3 Márta 2005, *Fini H*, C-32/03, EU:C:2005:128, mír 19). D'fhonn bheith in ann leas a bhaint as an gceart sin, is gá, go háirithe, go mbeadh an duine lena mbaineann ina 'dhuine inchánach' de réir bhrí na Treorach sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 21 Márta 2018, *Volkswagen*, C-533/16, EU:C:2018:204, mír 41 agus an cásdlí dá dtagraítear).

31 Faoi Airteagal 9(1) den Treoir maidir le CBL, ciallaíonn 'duine inchánach' aon duine a dhéanann, go neamhspleách, aon ghníomhaíocht eacnamaíoch in aon áit, is cuma cad é cuspóir nó torthaí na gníomhaíochta sin. Faoi Airteagal 213(1) den Treoir maidir le CBL, ní mór don duine inchánach scor a ghníomhaíochta eacnamaíche a dhearbhú don údarás cánach, nach mór dó an uimhir aitheantais CBL a leithdháileadh ar an duine inchánach sin a neamhbhailíochtú ansin, i gcomhréir le hAirteagal 23(a) de Rialachán Uimh. 904/2010.

32 Dá réir sin, scoireann trádálaí a scoireann dá ghníomhaíocht eacnamaíoch de bheith faoi réir CBL freisin. Tugtar le tuiscint le caillteanas stádais 'duine inchánach' ag trádálaí mar gheall ar an scor gníomhaíochta sin nach bhfuil aon leanúnachas sna tréimhsí cánach a cheanglaítear leis an gcéad mhír d'Airteagal 183 den Treoir maidir le CBL, ós rud é nach bhfuil aon tréimhse chánach ina dhiaidh sin don trádálaí sin, de réir bhrí na forála sin, nó, ag glacadh leis go nglacann an trádálaí sin gníomhaíocht eacnamaíoch ar láimh, tréimhse roimhe sin, ós rud é gur gníomhaíocht nua a bheidh sa ghníomhaíocht dheireanach sin.

33 Dá bhrí sin, cé go gceadaítear leis an gcéad mhír d'Airteagal 183 den Treoir maidir le CBL barrachas CBL a thabhairt ar aghaidh go dtí roinnt tréimhsí cánach tar éis na dtréimhsí inar gineadh an barrachas sin, is é an toradh ar scor ghníomhaíocht eacnamaíoch an duine inchánach lena mbaineann nach bhfuil tréimhse chánach ina dhiaidh sin ann, de réir bhrí na chéad mhíre d'Airteagal 183 den Treoir maidir le CBL, ar féidir an barrachas sin a thabhairt ar aghaidh chuici.

34 Thairis sin, mar a thugann an Coimisiún le fios, dá dtabharfaí an deis d'oibreoir eacnamaíoch, tar éis gníomhaíocht eacnamaíoch a atosú, barrachas CBL a dearbhaíodh tráth scor na gníomhaíochta roimhe sin a chur siar, d'fhéadfaí mí-úsáid agus bunú socruithe saorga ag oibreoirí eacnamaíocha a spreagadh. D'fhéadfadh oibreoir den sórt sin, nár chomhlíon, ar chúis ar bith, an teorainn ama a leagtar síos leis an reachtaíocht náisiúnta chun aisíocaíocht an bharrachais CBL a éileamh tar éis dó scor dá ghníomhaíocht eacnamaíoch, a éileamh go n-atosóidh sé gníomhaíocht eacnamaíoch leis an bpríomhaidhm nó leis an aidhm eisiach tabhairt ar aghaidh an bharrachais sin a iarraidh. D'fhéadfadh an fhéidearthacht sin maidir le cur siar a bheith bunoscionn freisin le prionsabal na deimhneachta dlíthiúla, ós rud é gur luaigh an Chúirt cheana féin go mbeadh an fhéidearthacht an ceart chun CBL a asbhaint a fheidhmiú gan aon teorainn ama bunoscionn leis an bprionsabal sin, lena gceanglaítear nár cheart staid chánach an duine inchánach, ag féachaint dá chearta agus

dá oibleagáidí i leith na n-údarás cánach, a bheith faoi réir agóid a dhéanamh go ceann tréimhse éiginnte (féach, chuige sin, breithiúnas an 12 Aibreán 2018, *Biosafe – Indústria de Reciclagens*, C-8/17, EU:C:2018:249, mír 36 agus an cásdlí dá dtagraítear).

35 Sa chás seo, is léir ón ordú tarchuir go raibh sé de thoradh ar an bhfíoras gur scoir Modexel dá ghníomhaíocht eacnamaíoch nach raibh sé faoi réir CBL a thuilleadh, rud atá le fíorú ag an gcúirt a rinne an tarchur, áfach, agus nach bhféadfaí an barrachas CBL a thabhairt ar aghaidh go dtí tréimhse ina dhiaidh sin, de réir bhrí na chéad mhíre d'Airteagal 183 den Treoir maidir le CBL, mar gheall ar easpa leanúnachais idir an tréimhse chánach a fhreagraíonn don mhí inar scoir an chuideachta sin dá gníomhaíocht, eadhon mí Feabhra 2015, agus an tréimhse chánach a fhreagraíonn don mhí inar thosaigh an chuideachta sin ar a gníomhaíocht, eadhon mí na Bealtaine 2016.

36 Sa dara háit, mar a tugadh faoi deara i mír 27 den bhreithiúnas seo, foráiltear leis an gcéad mhír d'Airteagal 183 den Treoir maidir le CBL, áfach, go bhféadfaidh na Ballstáit barrachas CBL a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad tréimhse eile nó aisíocaíocht a dhéanamh i gcomhréir leis na rialacha a leagann siad síos.

37 Is léir ón ordú tarchuir go gcomhcheanglaítear le reachtaíocht na Portaingéile, i bprionsabal, an dá mhodh sin chun barrachas CBL a aisíoc, ach, i gcás ina scoirtear d'aon ghníomhaíocht eacnamaíoch de chuid trádálaí, go bhféadfaidh an trádálaí sin a iarraidh go n-aisíocfar an barrachas CBL sin roimh dheireadh thréimhse 12 mhí dar tús an tréimhse inar tháinig an barrachas sin chun cinn.

38 I ndáil leis sin, ar thaobh amháin, ní mór a mheabhrú nach féidir Airteagal 183 den Treoir maidir le CBL a léiriú sa chaoi go bhfuil an aisíocaíocht agus an t-iarchur comheisiatach (breithiúnas an 12 Bealtaine 2011, *Enel Maritsa Iztok 3*, C-107/10, EU:C:2011:298, mír 47).

39 Ar an taobh eile, is léir ó chásdlí na Cúirte, cé go bhfuil saoirse áirithe ag na Ballstáit na rialacha mionsonraithe dá dtagraítear in Airteagal 183 den Treoir maidir le CBL a leagan síos, nach féidir leis na rialacha sin an bonn a bhaint de phrionsabal na neodrachta fioscaí trí ualach na cánach sin a chur ar an duine inchánach, go hiomlán nó go páirteach (breithiúnas an 12 Bealtaine 2021, *technoRent International agus páirtithe eile*, C-844/19, EU:C:2021:378, mír 37 agus an cásdlí dá dtagraítear).

40 Go háirithe, ní mór do na rialacha mionsonraithe sin a chur ar chumas an duine inchánach, faoi choinníollacha iomchuí, iomlán an éilimh a eascraíonn as an mbarrachas CBL sin a aisghabháil, rud a chiallaíonn nach mór an aisíocaíocht a dhéanamh, laistigh de thréimhse réasúnta, trí íocaíocht in airgead tirim nó ar bhealach coibhéiseach, agus, in aon chás, nár cheart go mbeadh an modh aisíocaíochta a ghlactar ina chúis le haon riosca airgeadais a bheith ag an duine inchánach (breithiúnas an 12 Bealtaine 2021, *technoRent International agus páirtithe eile*, C-844/19, EU:C:2021:378, mír 38 agus an cásdlí dá dtagraítear).

41 Ina theannta sin, tá prionsabal an chomhionannais agus prionsabal na héifeachtachta teorannaithe do neamhspleáchas nós imeachta na mBallstát maidir le cur chun feidhme an chirt chun aisíocaíocht a fháil ar bharrachas CBL dá bhforáiltear in Airteagal 183 den Treoir maidir le CBL (féach, chuige sin, breithiúnas an 10 Feabhra 2022, *Philips Orăştie*, C-487/20, EU:C:2022:92, mír 24).

42 Dá bhrí sin, ní féidir a mheas go bhfuil tréimhse theorann, a bhfuil sé d'éifeacht aici dul in éag, pionós a ghearradh ar cháiníocóir nach bhfuil dícheallach go leor, ar theip air aisíocaíocht CBL a éileamh, trína cheart chun na haisíocaíochta sin a bhaint de, ar neamhréir leis an scéim a bunaíodh leis an Treoir maidir le CBL, ar choinníoll, ar an gcéad dul síos, go bhfuil feidhm ag an tréimhse sin ar an mbealach céanna maidir le cearta comhchosúla i gcúrsaí cánach atá bunaithe ar an dlí náisiúnta agus iad siúd atá bunaithe ar dhlí an Aontais (prionsabal na coibhéise) agus, ar an dara dul síos, nach bhfágann sí go bhfuil sé dodhéanta nó ródheacair sa chleachtas an ceart chun aisíocaíocht ar CBL a fháil a fheidhmiú (prionsabal na héifeachtachta) (féach, de réir analaí, breithiúnas an 12 Meán Fómhair 2024, *NARE-BG*, C-429/23, EU:C:2024:742, mír 52).

43 Cé gur faoin gcúirt náisiúnta atá sé measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht na mbeart náisiúnta le dlí an Aontais, féadfaidh an Chúirt, mar sin féin, an fhaisnéis uile a sholáthar di a bheidh úsáideach di chun an díospóid atá os a comhair a réiteach (breithiúnas an 14 Feabhra 2019, *Nestrade*, C-562/17, EU:C:2019:115, mír 36 agus an cásdlí dá dtagraítear).

44 Maidir le prionsabal na coibhéise, níl aon fhianaise os comhair na Cúirte a d'fhéadfadh amhras a tharraingt ar chomhlíonadh an phrionsabail sin leis an reachtaíocht atá i gceist sna príomhimeachtaí.

45 Maidir le prionsabal na héifeachtachta, is léir ón ordú tarchuir, de réir na n-údarás cánach, gur cheart do Modexel aisíocaíocht ar an mbarrachas CBL a lorg laistigh de 12 mhí ón dáta a scoir sé dá ghníomhaíocht eacnamaíoch.

46 I ndáil leis sin, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a fháil amach cén tréimhse ar lena linn a bhí ar Modexel aisíocaíocht a iarraidh ar an mbarrachas CBL a dearbhaíodh nuair a scoir sé den trádáil, tar éis do Rialtas na Portaingéile a rá ina bharúlacha i scríbhinn gur tréimhse 4 bliana a bhí sa tréimhse is infheidhme sa chás seo. Ní cosúil go bhfágann tréimhse theorann 12 mhí ón tréimhse inar eascair an barrachas CBL, mar a léirítear san ordú tarchuir, go bhfuil sé dodhéanta nó ródheacair go praiticiúil do dhuine inchánach nó d'iardhuine inchánach a cheart chun aisíocaíocht bharrachas CBL a dhearbhú. Tá feidhm ag an gconclúid chéanna a fortiori i gcás thréimhse theorann 4 bliana.

47 Sa chás seo, ní léir ar bhealach ar bith ón ordú tarchuir go ndearna Modexel iarracht a cheart chun aisíocaíocht bharrachas CBL a dhearbhú, a dearbhaíodh nuair a tháinig deireadh lena ghníomhaíocht eacnamaíoch, roimh dheireadh na tréimhse 12 mhí sin, agus go raibh deacrachtaí aige ina leith sin. Sna himthosca sin, ní mór a mheas, faoi réir fhíorú na cúirte a rinne an tarchur, nach ndearnadh feidhmiú Modexel ar a cheart chun aisíocaíocht CBL dodhéanta nó ródheacair agus é i gcleachtas.

48 I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, is é an freagra ar na ceisteanna a tharchuirtear ná nach mór an chéad mhír d'Airteagal 183 den Treoir maidir le CBL a léiriú sa chaoi nach gcuirtear cosc léi ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear, i gcás ina gcuireann duine inchánach scor lena ghníomhaíocht eacnamaíoch, nach bhféadfaidh an duine inchánach sin aon bharrachas CBL a dearbhaíodh tráth scor na gníomhaíochta sin a thabhairt ar aghaidh chuig tréimhse chánach ina dhiaidh sin agus nach bhféadfaidh sé an méid sin a aisghabháil ach amháin trí aisíocaíocht a iarraidh laistigh de 12 mhí ó dháta scor na gníomhaíochta sin, ar choinníoll go gcomhlíontar prionsabail na coibhéise agus na héifeachtachta.

## Costais

49 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an tOchtú Dlísheomra) mar seo a leanas:

**Maidir leis an gcéad mhír d'Airteagal 183 de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha,**

**ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:**

**sa chaoi nach gcuirtear cosc léi ar reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear, i gcás ina gcuireann duine inchánach scor lena ghníomhaíocht eacnamaíoch, nach bhféadfaidh an duine inchánach sin aon bharrachas cánach breisluacha a dearbhaíodh tráth scor na gníomhaíochta sin a thabhairt ar aghaidh chuig tréimhse chánach ina dhiaidh sin agus nach bhféadfaidh sé an méid sin a aisghabháil ach amháin trí aisíocaíocht a iarraidh laistigh de 12 mhí ó dháta scor na gníomhaíochta sin, ar choinníoll go gcomhlíontar prionsabail na coibhéise agus na héifeachtachta.**

Sínithe